

# CEISTEANNA COITIANTA

## Cén fáth a bhfuil rogha eile á tairiscint?

Tá an rogha eile á tairiscint mar gheall ar na srianta sláinte poiblí atá ann faoi láthair maidir le Covid 19.

## An gcuirfear an measúnú malartach seo ar fáil gach bliain?

Sa bhliain acadúil reatha 2020/21 amháin a chuirfear an measúnú malartach seo ar fáil .

## An mbeidh orm comhaid a chur ar fáil fós mar a bheadh do chuairt/chuairteanna scoile?

Beidh. Beidh na comhaid do ‘Teanga agus Cultúr (SCG)’ mar an gcéanna.

Tá na comhaid do gach ceacht de Mhúineadh na Gaeilge mar an gcéanna ach beidh tasc machnamhach breise le cur le gach comhad do Mhúineadh na Gaeilge SCG agus gach comhad do Mhúineadh na Gaeilge OCG.

## Maidir leis an tasc machnamhach do gach ceacht OCG, an gcaithfidh mé tasc machnamhach a dhéanamh don dá cheacht?

Caithfidh.

## An gá dom póstaer a thaispeáint sa seomra ranga?

Ní gá póstaer a thaispeáint sa seomra ranga.

Sa chomhad tionscadail - Teanga agus Cultúr – cuirfidh tú grianghraif de na póstaer agus den léarscáil a bhaineann leis an gcomhad sin.

## Níl mé i scoil faoi láthair?

Sa chás nach bhfuil iarrthóir i scoil faoi láthair, is féidir tabhairt faoi theagasc an cheachta/na gceachtanna nuair a bheidh an deis ar fáil chun é sin a dhéanamh.

## Níl mé sa tír, an féidir liom leas a bhaint as an measúnú malartach?

I gcás nach bhfuil iarrthóir sa tír faoi láthair, is féidir tabhairt faoi theagasc an cheachta/na gceachtanna nuair a bheidh an deis ar fáil chun é sin a dhéanamh.

## 'Má bhogaim go scoil eile, an féidir liom tabhairt faoin measúnú malartach?

Is féidir, má tá cead agat ón scoil é sin a dhéanamh.

## Cathain a mhúinim an ceacht/na ceachtanna?

Is féidir na ceachtanna a mhúineadh idir na dátaí 13 Eanáir – 26 Feabhra

## Cad iad na príomhriachtanais?

1. Ní mór do chuid oibre féin amháin a chur isteach.
2. Ní mór ceachtanna/ceachtanna na Gaeilge a mhúineadh idir 13 Eanáir – 26 Feabhra.
3. Ní mór an tasc machnamhach breise a chur san áireamh le gach comhad ceachta.
4. Ní mór an dá chomhad do SCG nó d’OCG a uaslódáil idir 1 Feabhra – 28 Feabhra.

## Conas a chuirfidh mé mo chomhaid isteach?

Beidh nasc chun na comhaid a uaslódáil ar fáil ar shuíomh gréasáin an Cháilíocht sa Ghaeilge [www.ilrweb.ie](http://www.ilrweb.ie) ó 1 Feabhra – 28 Feabhra.

## Cathain is féidir liom mo chomhaid a chur isteach?

Beidh nasc chun na comhaid a uaslódáil ar fáil ar shuíomh gréasáin an Cháilíocht sa Ghaeilge [www.ilrweb.ie](http://www.ilrweb.ie) ó 1 Feabhra – 28 Feabhra.

**Cathain a bheidh na torthaí ar fáil?**

Eiseofar torthaí do na Gnéithe Praiticiúla le torthaí scrúdaithe/measúnaithe an Earraigh.

**An gá an ceacht a mhúineadh?**

Tá sé riachtanach an ceacht a mhúineadh.

**Don OCG, an gcaithfidh mé tréimhse oiriúnaithe - 120 lá – a chaitheamh i scoil?**

Caithfidh. D’OCG, tá sé riachtanach 120 lá a chaitheamh i scoil.

**An féidir liom na comhaid a chur isteach gan na ceachtanna/na ceachtanna a mhúineadh?**

Ní féidir. Tá sé riachtanach an ceacht/na ceachtanna a mhúineadh.

**An féidir liom na comhaid cheachtanna a chur isteach gan an tasc machnamhach a chur isteach?**

Ní féidir. Tá sé riachtanach an tasc machnamhach a chur isteach agus ní mór é a bheith bunaithe ar mhúineadh an cheachta.

Ós rud é go mbeidh gach comhad ceachta ina phíosa oibre uathúil, beidh gach tasc machnamhach difriúil ar an gcaoi chéanna.

Sa chás go bhfaightear comhad le heilimintí atá ar iarraidh, beidh an comhad sin “neamhchríochnaithe”.

**An gá do Phríomhoide na scoile breathnú ar theagasc an cheacht?**

Níl sé sin riachtanach.

**Cén fhormáid ba chóir a bheith ar an tasc machnamhach chun é a chur isteach?**

Ba chóir na comhaid a chur isteach i bhfoirm pdf.

**Má bhíonn aon cheisteanna breise agam faoin measúnú malartach, cad a dhéanfaidh mé?**

Má bhíonn aon cheisteanna breise is féidir iad a sheoladh i ríomhphost chuig [scginfo@mie.ie](mailto:scginfo@mie.ie) nó [ocginfo@mie.ie](mailto:ocginfo@mie.ie)